Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**9823/22**

**CDR 72**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar cúigear comhaltaí agus seachtar comhaltaí malartacha, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar cúigear comhaltaí
agus seachtar comhaltaí mhalartacha,
arna moladh ag Ríocht na Danmhairge,
de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Danmhairge,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157[1], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 17 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/234[2], lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Jess LAURSEN, do Arne LÆGAARD agus do Per NØRHAVE éirí as oifig agus ar dhul in éag don sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Per Bødker ANDERSEN a cheapadh.

(4) Tá suíocháin seisear comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Søren WINDELL éirí as oifig, agus tar éis dheireadh na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Steen Bording ANDERSEN, Vibeke Syppli ENRUM, Erik Høgh-SØRENSEN, Anders Rosenstand Laugesen agus Evan LYNNERUP OLESEN a cheapadh.

---

1 Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

2 Cinneadh (AE) 2020/234 ón gComhairle an 17 Feabhra 2020 lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún (IO L 47, 20.2.2020, lch. 6).

(5) Tiocfaidh suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún chun bheith folamh tar éis cheapadh Jens Christian GJESING mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún.

(6) Beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis cheapadh Kirsten Maria Meyer JENSEN mar chomhalta de Choiste na Réigiún.

(7) Mhol rialtas na Danmhairge na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Bent GRAVERSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir), Kirsten Maria Meyer JENSEN, *Borgmester, Hillerød Kommune* (Méara, Bardas Hillerød), Torsten NIELSEN, *2. Viceborgmester, Viborg Kommune* (An Dara Leas-Mhéara, Bardas Viborg), Hanne ROED, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún Danmhairge Láir), agus Peter Sønderby Westphal SØRENSEN, *Borgmester, Horsens Kommune* (Méara, Bardas Horsens).

(8) Mhol Rialtas na Danmhairge na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Jens Christian GJESING, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Haderslev Kommune* (Comhalta den Chomhairle Cathrach, Bardas Haderslev), Flemming KNUDSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir), Tage LEEGAARD, *Regionsrådsmedlem Regionsrådet, Réigiún Nordjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Thuaidh), Anne MADSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Sorø Kommune* (Comhalta den Chomhairle Cathrach, Bardas Sorø) Henrik Lena MADSEN, *Byrådsmedlem, Kerteminde Kommune* (Comhalta de Chomhairle Cathrach, Kerteminde Bardas), Thomas ROHDEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Hovedstaden* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairleoir Réigiúnach, an Réigiún Príomhchathartha), Mads SØRENSEN, *Borgmester, Varde Kommune* (Méara, Bardas Varde),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla iad agus sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

– Bent GRAVERSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir),

– Kirsten Maria Meyer JENSEN, *Borgmester, Hillerød Kommune* (Méara, Bardas Hillerød),

– Torsten NIELSEN, 2. *Viceborgmester, Viborg Kommune* (An Dara Leas-Mhéara, Bardas Viborg),

– Hanne ROED, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir),

– Peter Sønderby Westphal SØRENSEN, *Borgmester, Horsens Kommune* (Méara, Bardas Horsens),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

- Jens Christian GJESING, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Haderslev Kommune* (Comhalta den Chomhairle Cathrach, Bardas Haderslev),
- Flemming KNUDSEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir),
- Tage LEEGAARD, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Réigiún na Danmhairge Láir),
- Anne MADSEN, *Kommunalbestyrelsesmedlem, Sorø Kommune* (Comhalta na Comhairle Cathrach, Bardas Sorø),
- Henrik Lena MADSEN, *Byrådsmedlem, Kerteminde Kommune* (Comhalta den Chomhairle Cathrach, Bardas Kerteminde),
- Thomas ROHDEN, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Réigiún Hovedstaden* (Comhairleoir Réigiúnach, an Réigiún Príomhchathartha),
- Mads SØRENSEN, *Borgmester, Varde Kommune* (Méara, Bardas Varde).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*